GX1473

National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúdú na Dara Bliana, 2002-3

Seimeastar 2

STAIR

Cúrsa HI 229 — Eoraip na Meán-Aoise, 5ú aois – 9ú aois

An Dr B. Cunningham
An tOll. D. Ó Cróinín
An tOll. N. Canny

An t-am ceadaithe: **DHÁ hUAIR A' CHLOIG**
Freagair **TRÍ** Cheisteanna

1. Dein cur-síos ar na modhanna éagsúla a bhí ag na Rómhánaigh chun deighleáil leis na hinreamha Gearmánacha i gcaitheamh na 5ú 7 na 6ú haoise, go háirithe faoi mar a réitíonn na modhanna san leis an dteoraic atá ag Walter Goffart i dtaobh 'techniques of accommodation'.

2. Cén fáth gurbh fhearr a d'éirigh leis na Francaigh ná leis na Visiogótaigh i gcúrsaí polaitiúla 7 míleata sa 5ú 7 sa 6ú aois, agus cad é an tionchar a bhí ag tiontú creidimh Chlovis ar an scéal san?

3. Cerbh í an tábhacht a bhain leis an eaglais i nGallia a bhí faoi stiúr ag easpaig, i gcomórtas leis na mainistreacha nua a bhí ag teacht chun cinn idir AD 400 7 AD 600?

4. Cén míniú a bheadh agat ar an bhfás a tháinig ar líon na mainistreach i nGallia sna blianta AD 500-700, agus cé chomh tábhachtach, an dóigh leat, a bhí na Gaeil sa bhfeachtas san?

5. Dein cur síos ar thús 7 ar scaipeadh Riail Bhenedict, mar leis na foinsí meán-aoiseacha 7 na teoiricí nua-aoiseacha ina dtaobh.

6. Cad iad na sain-tréithe – más ann dóibh — a bhain leis an ríocht Visiogótach sa tréimhse AD 500-700?

7. Conas mar a mhíneofá an tslí go ndeachaidh na Meiribhingigh i léig 7 an tslí gur tháinig na Caróloingigh chun cinn?

8. An féidir 'Athéirí Léinn' fírinneach a thabhairt ar an bhfeachtas a chur na Caróloingigh ar bun chun caighdeán a leagadh síos i gcúrsaí cultúrtha 7 léinn?